# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

---

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---


**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:00**

Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1** agus **trí cheist** eile.

**Ceist 1**. **(65 marc)**


## ROINN A – 30 marc

Freagair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus an deil faoi Ríomhrialú Uimhriúil (CNC) á húsáid.


**(b)** Ainmnigh an chomhbhall leictreonach a seasann an tsiombail a thaispeántar dó agus luaigh feidhm oiriúnach **amháin** dó.



**(c)** Sainmhínigh an téarma *brisce* i dtaca le hairíonna miotal.

**(d)** Luaigh an cuspóir atá ag inslitheoir leictreach.


**(e)** Luaigh feidhm thipiciúil **amháin** don phróiseas *múnlú trí instealladh*.



**(f)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** oiriúnach di.

**(g)** Déan cur síos ar **dhá** ghléas aschuir ríomhaireachta **ar bith**.

**(h)** Ainmnigh an gléas tomhais a thaispeántar.



## ROINN B – 35 marc

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe oibriúcháin **ceann ar bith** díobh seo a leanas:

Crágán ceithre shaorghiall, Umar tumbhrataithe plaistigh, Meicníocht rotha fhiaclaigh agus slabhra.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo a leanas:

Ceamara gréasáin, Líonra ríomhairí, Inneall cuardaigh, Feidhmchlár fón póca (app).

**(k)** Sainmhínigh an téarma *neart teanntachta* maidir le hairíonna ábhar agus luaigh feidhm **amháin** ina gcaithfidh an t-ábhar a bheith láidir agus é faoi theannas.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Córas tiomána ulóige, Raicín agus ceapachóir, Preabsheamú, Cruanadh.


**(m)** Ainmnigh an uirlis ghearrtha a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá aici.




**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh ábhar oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun **gach ceann** díobh seo a leanas a mhonarú:

**(i)** Scríobaire, **(ii)** Radaitheoir, **(iii)** Dréimire taca.







**(b)** **(i)** Ainmnigh foirnéis oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun **gach ceann** de na miotail seo a leanas a dhéanamh:

Muciarann, Iarann teilgthe, Cruach ardcharbóin.

**(ii)** Bain úsáid as léaráid oiriúnach agus déan cur síos ar **cheann amháin** de na foirnéisí atá ainmnithe ag **2(b)(i)** thuas.

**(c)** Roghnaigh **trí cinn ar bith** de na miotail thíos agus abair cé acu an miotal feiriúil nó miotal neamhfheiriúil iad:

**(i)** Cruach dhosmálta, **(ii)** Sinc, **(iii)** Tungstan, **(iv)** Luaidhe.

**(d)** Ainmnigh **dhá** chóimhiotal copair **ar bith**.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Screamhchruachan, **(ii)** Ainéaladh, **(iii)** Saotharchruachan.

**(b)** **(i)** Déan cur síos ar conas a dhéantar an bior **A** den siséal a thaispeántar a chruachan agus a fhaghairt.




**(ii)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach faghairt a chur ar an mbior **A** den siséal.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is ceart a chomhlíonadh agus cóireáil teasa á cur ar bhior an tsiséil.

**(d)** Mínigh **dhá** cheann **ar bith** de na hairíonna miotail seo a leanas:

**(i)** Righneas, **(ii)** Insínteacht, **(iii)** Pointe leáite.




**NÓ**

**(d)** **(i)** Déan cur síos ar fheidhm **amháin** den róbataic i dtionscal na déantúsaíochta.

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an róbataic a úsáid i dtionscal na déantúsaíochta.

**Ceist 4.** **(45 marc)**



**(a)** Ainmnigh agus sceitseáil an cineál lasrach a dhéantar le **gach ceann** de na socruithe gáis ocsaicéitiléine seo a leanas:

**(i)** An iomarca ocsaigine;
**(ii)** An iomarca aicéitiléine;
**(iii)** Cóimheá cothrom idir ocsaigin agus aicéitiléin.





**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáistí a bhaineann le spot-táthú a úsáid.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas **ar dhá** rud atá riachtanach chun nasc maith greamaitheach a chinntiú.
**(iii)** Luaigh modh oiriúnach chun alúmanam tanaí a nascadh le chéile.
**(iv)** Mínigh an cuspóir a bhaineann leis an ionsáiteán níolóin a úsáidtear i nglaschnónna.

**(c)** **(i)** Luaigh **dhá** fheidhm **ar bith** atá ag flosc sa phróiseas sádrála.
**(ii)** Mínigh an difríocht idir *flosc neamhghníomhach* agus *flosc gníomhach*.



**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is ceart a chomhlíonadh nuair a bhítear ag obair i dtimpeallacht táthaithe.

**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** Rinneadh na trí chomhbhall a thaispeántar thíos as ábhair phlaisteacha.



*Crochadán éadaigh*



*Coimeádán*



*Soicéad*

**(i)** Ainmnigh an próiseas a úsáidtear chun **ceann ar bith** de na comhbhaill a dhéanamh.

**(ii)** Déan cur síos le cabhair léaráide ar an bpróiseas monaraithe atá ainmnithe in **5(a)(i)**.

**(b)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is ceart a chomhlíonadh nuair a bhíonn bileog aicrileach á druileáil.


**(c)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a úsáidtear i dteicneolaíocht an phlaistigh:

**(i)** Plaisteach teirmithéachtach, **(ii)** Cuimhne leaisteach, **(iii)** Teirmeaplaisteach, **(iv)** PVC.

**(d)** Luaigh **dhá** chúis a bhféadfadh plaistigh a bheith ina gcontúirt don timpeallacht.

**Ceist 6.** **(45 marc)**


**(a)** Tá an cnaipe rialaithe a thaispeántar le meaisíniú ar dheil láir nó ar dheil CNC. Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na hoibríochtaí a úsáidtear chun an cnaipe rialaithe a dhéanamh.



**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas maidir le meaisíniú:

**(i)** Luas gearrtha, **(ii)** Doimhneacht an ghearrtha, **(iii)** Fotha, **(iv)** Uillinn scóipe.

**(c)** Taispeántar modh obairchoinneála a úsáidtear chun seaftaí fada a dheileadh ar dheil láir.




**(i)** Ainmnigh an modh obairchoinneála a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** mhodh obairchoinneála eile ar an deil.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** atá le comhlíonadh nuair a bhítear ag deileadh seaftaí fada ar an deil láir.

**NÓ**

**(c)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí meaisínithe a bhaineann le Ríomhrialú Uimhriúil (CNC):

**(i)** CAD/CAM, **(ii)** Z-Ais, **(iii)** G-Chóid, **(iv)** Timthriall cannaithe.

**Ceist 7.** **(45 marc)**


**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas maidir le teorainneacha agus oiriúintí:

**(i)** Lamháltas;

**(ii)** Bacoiriúint;

**(iii)** An Teorainn Uachtair.

**(b)** Déantar poll agus seafta a mhonarú de réir na dtoisí a thaispeántar.




Luaigh:


**(i)** Trastomhas ainmniúil an phoill;

**(ii)** An trastomhas is lú den pholl;


**(iii)** An trastomhas is mó den seafta;

**(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an phoill is lú agus an tseafta is mó.


**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na hionstraimí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag gach ceann díobh sin.





**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Tarraing na siombailí ciorcaid do **thrí cinn ar bith** de na comhbhaill leictreonacha seo a leanas:

**(i)** Bolgán, **(ii)** Cadhnra, **(iii)** Lasc, **(iv)** Friotóir inathraithe.










Leathanach Bán

Leathanach Bán

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2012**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**30th APRIL - 11th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved by the **teacher** on the test-piece in the position indicated on the drawing 2012. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 4 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 6, 7 and 8 have been made prior to examination day. Using the screws supplied assemble the Lock Mechanism, as detailed on the assembly drawing.
**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

**INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL**
**ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

**150 marc**

**30 AIBREÁN - 11 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2012. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.


As na hábhair a sholáthraítear, an **Mheicníocht Ghlasála** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 4 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 6, 7 agus 8 roimh lá an scrúdaithe. Ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, déan an Mheicníocht Ghlasála faoi mar atá sa líníocht cóimeála.
**(ii)** **Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL

2012. M74A($L_1$)





THALL OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2012. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

FEIDHM: Ní theastaíonn ach casadh 180° amháin chun an mheicníocht ghlasála a oscailt nó a dhúnadh.
FUNCTION: A revolution of 180° only is required to open or close the lock mechanism.

## SONRAÍ CÓIMEÁLA
## ASSEMBLY DETAILS